Maoiniú ón Rialtas d'Fhorbairt Tuaithe agus Pobail

An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe

Mar chuid de Thionscadal Éireann 2040, tá an Rialtas tiomanta do €1 bhilliún breise a chur ar fáil do Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe nua sa tréimhse idir 2019 agus 2027. Cuirfear infheistíocht ar fáil faoin gCiste seo chun tacú le hathghiniúint na tuaithe i ndáil le tionscadail oiriúnacha i mbailte agus i sráidbhailte ina bhfuil daonra níos lú ná 10,000 duine, agus sna ceantair eile thart orthu. Tá an maoiniú seo ar fáil do chomhlachtaí stáit. Cuirtear deis den scoth ar fáil faoin gCiste nua seo chun tacú le hathghiniúint cheantar tuaithe na hÉireann, chun go mbeidh tionchar mór agus inbhuanaithe aige ar phobail faoin tuath agus chun aghaidh a thabhairt ar bhánú bailte beaga, sráidbhailte agus ceantar tuaithe. Is féidir iarratas ar mhaoiniú a dhéanamh leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Chun tuilleadh eolais a fháil **seol ríomhphost chuig: rrdf@drcd.gov.ie**

LEADER

Cuirfear €250 milliún i gcúnamh deontais ar fáil do phobail agus do ghnónna faoin tuath faoi Chlár 2014 - 2020. Cuirtear cúnamh deontais ar fáil do thionscadail faoi na téamaí seo: Forbairt Eacnamaíochta, Forbairt Fiontar agus Cruthú Post, Ionchuimsiú Sóisialta, agus Timpeallacht Thuaithe. Grúpaí Áitiúla Gníomhaíochta (LAGanna) a riarann Clár LEADER. Chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú, cuir Léiriú Spéise ar aghaidh chuig an LAG i do cheantar féin. Chun tuilleadh eolais a fháil **seol ríomhphost chuig: RDP1420@drcd.gov.ie**

An Clár um Fheabhsú Pobail

Féachtar leis an gclár seo pobail a fheabhsú, aghaidh a thabhairt ar cheantair faoi mhíbhuntáiste agus comhtháthú sóisialta a fheabhsú ag an leibhéal áitiúil. Faoin gclár seo, cuirtear caipiteal ar fáil do thionscadail bonneagair ar scála beag a bhaineann le athghiniúint i gceantair faoi bhuntáiste. Coistí Forbartha Pobail Áitiúil a riarann an clár seo thar ceann na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail. Chun tuilleadh eolais a fháil **seol ríomhphost chuig: cep@drcd.gobv.ie**

An Scéim Athbheochana Bailte agus Sráidbhailte

Is é an aidhm atá leis an scéim seo ná tacú le hathbheochan bailte agus sráidbhailte trí thimpeallacht mhaireachtála agus oibre na bpobal a fheabhsú agus an acmhainn chun tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch amach anseo a mhéadú. Cuirtear maoiniú ar fáil faoin scéim seo chun cur le tarraingteacht an bhaile, nó an tsráidbhaile, mar ionad áitiúil tráchtála agus sóisialta, mar áit le cónaí agus le bheith ag obair ann, cur leis an timpeallacht agus leis na háiseanna, agus an acmhainn turasóireachta a d'fhéadfadh a bheith ag baile nó sráidbhaile a chur chun cinn. Glacann an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail le moltaí ó Údaráis Áitiúla i ndáil le maoiniú a chur ar fáil do thionscadail faoin scéim seo. Oibríonn Údaráis Áitiúla i gcomhpháirtíocht le gnónna agus pobail áitiúla chun tionscadail oiriúnacha a aithint. Chun tuilleadh eolais a fháil **seol ríomhphost chuig: townandvillage@drcd.gov.ie**

Bailte Slachtmhara

Tá coistí deonacha ag déanamh a ndícheall chun áit níos tarraingtí le bheith ag cónaí ann, le bheith ag obair ann agus le bheith ag déanamh gnó ann a dhéanamh d'Éirinn. Tugann comórtas na mBailte Slachtmhara deis do phobail tionchar a bheith acu ar an mbealach a dtagann forbairt ar a gceantair féin. Cuireann tuairim is 900 pobal isteach ar an gcomórtas gach bliain. Reáchtáil an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail scéim deontais do phobail atá ag iarraidh cur isteach ar Chomórtas na mBailte Slachtmara. Chomh maith leis an aitheantas foirmeálta a fhaigheann bailte a n-éiríonn go maith leo sa chomórtas, bronntar duaiseanna airgid freisin ar na buaiteoirí. Chun tuilleadh eolais a fháil **seol ríomhphost chuig: tidytowns@drcd.gov.ie**

An Scéim um Fholáireamh do Dhaoine Scothaosta

Faoin scéim seo, cuirtear aláraim phearsanta a bhfuil monatóireacht á déanamh orthu ar fáil do dhaoine níos sine chun go mbeidh sé ar a gcumas saol níos sábháilte a chaitheamh ina gcuid tithe. Déanann Pobal an scéim seo a riar thar ceann na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail. Chun a bheith incháilithe don mhaoiniú seo, ba chóir do ghrúpaí pobail agus do ghrúpaí deonacha clárú le Pobal. Chun tuilleadh eolais a fháil **seol ríomhphost chuig: C&VSupports@drcd.gov.ie**

CLÁR

Is clár infheistíochta spriocdhírithe é seo faoina gcuirtear maoiniú ar fáil do thionscadail bonneagair ar scála beag i gceantracha tuaithe ina bhfuil an daonra tite go mór. Is é aidhm CLÁR tacú le forbairt inbhuanaithe na gceantar atá aitheanta faoi CLÁR trí dhaoine a spreagadh le dul ag obair agus ag cónaí iontu. Ba chóir do ghrúpaí atá ag déanamh iarratais ar mhaoiniú ar mhaithe le scoileanna, i leith bearta sábháilteachta pobail, i leith áiteanna súgartha nó gairdíní na gcéadfaí dul i dteagmháil lena nÚdarás Áitiúil. Ba chóir do ghrúpaí atá ag déanamh iarratais ar Thacaíocht Chéad-Fhreagartha nó ar Shoghluaisteacht nó ar Iompar Cúraim Ailse teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Chun tuilleadh eolais a fháil **seol ríomhphost chuig: rrdf@drcd.gov.ie**

An Scéim Feabhsúcháin Áitiúil

Faoin scéim seo, déantar obair fheabhsúcháin ar bhóithre príobháideacha agus ar bhóithre nach bóithre poiblí iad. Go minic, téann na bóithre sin chuig roinnt tithe cónaithe, chuig dáileachtaí talún a thacaíonn le gníomhaíocht talmhaíochta nó chuig foinsí taitneamhachtaí mar lochanna, aibhneacha nó tránna. Déanann Údaráis Áitiúla iarratas díreach chuig an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail chun maoiniú a fháil faoin scéim seo. Má tá bóthar agatsa a d'fheádfadh a bheith incháilithe chun maoiniú a fháil ina leith, déan teagmháil ar dtús le d'Údarás Áitiúil. Chun tuilleadh eolais a fháil **seol ríomhphost chuig: lis@drcd.gov.ie**

An Scéim um Bhonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh

Cuirtear maoiniú ar fáil faoin scéim seo chun bonneagar caithimh aimsire lasmuigh nua a fhorbairt. Déantar soláthar faoin scéim seo chomh maith chun an bonneagar caithimh aimsire lasmuigh atá i gceantair thuaithe ar fud na hÉireann a chothabháil, a fheabhsú nó a chur chun cinn de réir mar is gá. Cuidíonn an infheistíocht seo le tuilleadh cuairteoirí a mhealladh agus cuirtear deiseanna fostaíochta nua ar fáil chomh maith do mhuintir na háite. Na hÚdaráis Áitiúla a riarann an scéim seo thar ceann na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail. Chun tuilleadh eolais a fháil **seol ríomhphost chuig: lis@drcd.gov.ie**

An Clár Uilechuimsitheachta Sóisialta agus Gníomhachtaithe Pobail (SICAP)

Faoi chlár SICAP, féachtar leis na pobail in Éirinn atá faoi mhíbhuntáiste nó atá bocht a laghdú tríd uilechuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn agus pobail a láidriú. Oibríonn SICAP chun tacú le daoine aonair as spriocghrúpaí sainithe agus as grúpaí pobail áitiúil. Tá SICAP cómhaoinithe ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus ag Ciste Sóisialta na hEorpa faoin gClár um Infhostaitheacht, Ionchuimsiú agus Foghlaim 2014-2020. Is Clárfheidhmeoirí atá ar Choistí Forbartha Pobail Áitiúil a chuireann an clár i bhfeidhm. Déan teagmháil dhíreach leis an gClárfheidhmeoir chun teacht a bheith agat ar mhaoiniú faoi SICAP. Chun tuilleadh eolais a fháil **seol ríomhphost chuig sicap@drcd.gov.ie**

An Clár um Sheirbhísí Pobail

Tacaítear faoin gclár seo le fiontair shóisialta chun seirbhísí áitiúla agus deiseanna fostaíochta do dhaoine faoi mhíbhuntáiste a chur ar fáil. Cuirtear ranníocaíocht i dtreo na gcostas a bhaineann le foireann a fhostú ar fáil. Maoinítear trí phríomhchineál tionscadal faoin gclár seo:

1. Hallaí pobail agus áiseanna atá ar fáil d'úsáid an phobail a chuireann feidhmiú ó lá go lá an bhonneagair phobal ar fáil.
2. Seirbhísí pobail do dhaoine faoi mhíbhuntáiste.
3. Fiontair phobail a bhfuil sé de nós acu díriú ar dhaoine atá i bhfad ón margadh saothair a fhostú.

Chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú faoin gclár seo, comhlánaigh an fhoirm Léirithe Spéise, ar féidir teacht uirthi ar **www.drcd.gov.ie** agus cuir ar aghaidh í chuig **csp@drcd.gov.ie**.

Clár PEACE IV

Clár trasteorann é seo atá cómhaoinithe trí Chiste Forbartha Réigiúnaí na hEorpa a thacaíonn le síocháin agus athmhuintearas trí ghníomhartha a chuireann cobhsaíocht shóisialta agus eacnamaíoch chun cinn i dTuaisceart Éireann agus i Réigiún Teorann na hÉireann (an Cabhán, Dún na nGall, Liatroim, an Lú, Muineachán agus Sligeach). Comhlacht na gClár Speisialta AE a bhainistíonn Clár PEACE IV thar ceann Rialtas na hÉireann agus Rialtas na Ríochta Aontaithe. Chun tuilleadh eolais a fháil **seol ríomhphost chuig: peace@drcd.gov.ie**

Tionscadal Éireann 2040

Is é Tionscadal Éireann 2040 tionscnamh beartais uileghabhálach an Rialtais chun tír níos fearr a dhéanamh d'Éirinn dúinn, tír trína léirítear an chuid is fearr dínn agus mar atá d'aidhm againn a bhaint amach.

Déanann an Clár do Rialtas Comhpháirtíochta 2016 eolas do Thionscadal Éireann 2040, faoina n-aithnítear go bhfuil baint ag dul chun cinn eacnamaíoch agus dul chun cinn sóisialta lena chéile. Déanann an Creat Pleanála Náisiúnta (NPF) go dtí 2040 agus an Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 eolas don Tionscadal chomh maith.

Tá rannpháirtíocht iomlán na bpobal tuaithe i bhforbairt straitéiseach, mar a shamhlaítear faoin NPF, ríthábhachtach chun poitéinseal iomlán an réimse leathan torthaí straitéiseacha atá leagtha amach sa bPlean Forbartha Náisiúnta a bhaint amach.

In éineacht leis na tacaíochtaí atá liostaithe a bhaineann leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (**www.drcd.gov.ie**) tá líon Ranna Rialtais agus Comhlachtaí Poiblí eile a chuireann tacaíochtaí ar fáil do phobail thuaithe, lena n-áirítear:

An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
http://www.dttas.ie/

An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
https://www.chg.gov.ie/

An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta
https://dbei.gov.ie/en/

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
https://www.agriculture.gov.ie/

Údaráis Áitiúla

Oifigí Fiontair Áitiúla
https://www.localenterprise.ie/

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Rialtas na hÉireann
Ag Tacú le Pobail Thuaithe

www.gov.ie/ruralopportunity